



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Preaseisiúint le haghaidh an staidéir *Saol Scoile Páistí (CSL)*

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) fáilte inniu roimh fhoilsiú *Saol Scoile Páistí: Aistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil*, an ceathrú tuairisc ón Staidéir *Saol Scoile Páistí*. Is staidéar spleodrach uathúil é *Saol Scoile Páistí (CSL)* ar cuireadh tús leis in 2018, ina leantar 4,000 páiste in 189 scoil trí bhlianta na bunscolaíochta chun foghlaim, go mionsonrach, faoina dtaithe agus óna dtaithe. Baineann dearadh nuálach an staidéir agus cur chuige na modhanna measctha leas as saineolas agus taithí shuntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i dtaighde fadaimseartha. Tá sé á dhéanamh ag an Scoil Oideachais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath thar ceann CNCM.

Dúirt an tAire Oideachais Norma Foley, TD: *Cuirim fáilte roimh an gceathrú tuairisc de chuid an staidéir Saol Scoile Páistí, atá á fhoilsiú inniu ag CNCM agus Scoil Oideachais Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tarraingíonn an tuairisc seo aird ar an tábhacht atá leis an aistriú riachtanach oideachais ón réamhscoil go dtí an bhunscoil in Éirinn ó dhearcadh na bpáistí, a dtuismitheoirí, Oideoirí Luathbhlianta agus múinteoirí bunscoile. Tá an tuairisc tráthúil agus na mílte páistí óga agus a dteaghlach ó cheann ceann na tíre ag ullmhú chun tús a chur le rang na Naíonán Sóisearach ag tús na scoilbhliana úire. Ailíníonn an tuairisc leis na teachtaireachtaí ó Thuairisc an Phríomhchigire (2016 – 2020), rud a tharraingíonn aird ar an ngá atá le caidrimh agus cumarsáid a chothú idir réamhscoileanna agus bunscoileanna.*

Díríonn an tuairisc ar an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Ní hamháin gur eachtra thábhachtach é i saol an pháiste, is eachtra thábhachtach i saol an teaghlaigh é chomh maith. Cuimsítear leis an tuairisc eispéiris páistí, tuismitheoirí/caomhnóirí, oideoirí luathbhlianta agus múinteoirí bunscoile, agus cuimsítear torthaí inti, amhail:

- Bhí na páistí an-dearfach trí chéile, dúirt siad gur thaitin an scoil agus a múinteoir leo, agus go ndearna siad cairdeas sa rang
- Bhí na múinteoirí den tuairim go bhfuil na scileanna sóisialta, mothúchána agus féinchúraim ar an rud is tábhachtaí do pháistí atá ag cur tús leis an mbunscoil
- Chuir beagnach gach uile thuismitheoir/caomhnóir dá raibh páistí acu i rang na Naíonán Sóisearach gur fhreastal a bpáiste ar shuíomh luathbhlianta sular chuir sé nó sí tús leis an mbunscoil
- Ní mór an comhoibriú agus comhar a neartú idir na réamhscoileanna agus na bunscoileanna chun tacú le haistrithe na bpáistí.

Ag cur fáilte roimh an tuarascáil di, tharraing Emer Egan, Cathaoirleach Eatramhach CNCM, ar thábhacht fhianaise chríochnúil láidir an taighde chun tacú le cleachtas i suíomhanna oideachais. Dúirt sí: *Le torthaí mar iad seo sa tuarascáil atá á foilsiú inniu, cuirtear go suntasach le tuiscint níos*

fearr ar eispéiris páistí óga ag an bpointe ríthábhachtach seo ina dturas oideachais. Le tuiscint mar seo, feabhsaítear obair forbartha curaclaim na Comhairle.

Dúirt Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM: *Le torthaí na tuarascála nua seo, dearbhaítear go mbíonn eispéireas dearfach ag tromlach na bpáistí agus iad ag tosú ar an mbunscoil. Tá caidrimh agus comhroinnt eolais idir réamhscoileanna agus bunscoileanna lárnach dó seo, ag tarraingt aird ar thábhacht acmhainní ar nós theimpléid tuairiscithe CNCM Mo Scéal agus an gá le deiseanna don dá ghairm bualadh le chéile agus a bheith ag obair le chéile chun tacú le daoine óga ag an am seo ina saol.*

Dúirt an Dr Seaneen Sloan, duine de phríomhthaighdeoirí an staidéir i Scoil Oideachais an Choláiste Ollscoile, BÁC: *Cuireann na torthaí sa tuarascáil seo béim ar an tábhacht atá le heispéiris réamhscoile i saol scoile na bpáistí agus iad ag tacú lena luathfhoghlaim agus lena bhforbairt agus ag cruthú bonn daingean le haghaidh na bunscoile. Léiríonn ár dtorthaí léirthuiscint na dtuismitheoirí ar na seirbhísí réamhscoile atá ar fáil in Éirinn chomh maith leis an maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an gclár ECCE.*

Is é a dúirt an tOll. Dympna Devine, príomh-imscrúdaitheoir ag Scoil an Oideachais i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath: *Is léiriú iad na torthaí ar an tábhacht straitéiseach atá le hinfheistíocht leanúnach stáit san oideachas luathbhlianta mar earra poiblí. Cuireann a leithéid d'infheistíocht tacaíocht láithreach ar fáil do theaghlaigh le linn tréimhse ríthábhachtach i bhforbairt an pháiste, agus forbraíonn acmhainn san fhadtéarma inár gcóras oideachais, agus inár sochaí, trí infheistíocht dhírithe ag pointe tábhachtach i saol an pháiste. Tá leas leanúnach le baint as naisc níos láidre a chothú idir oideachas luathóige agus in earnálacha na bunscoile.*

Tá CNCM fíorbhuíoch de na páistí, dá dtuismitheoirí agus dá dteaghlaigh, agus dá múinteoirí agus dá gceannairí scoile ar fad sna scoileanna a bhí rannpháirteach ar fud na tíre as a bheith sásta a gcuid scéalta a roinnt i gcaitheamh an staidéir. Glacann CNCM buíochas agus tugann siad moladh mór freisin d'obair Fhoireann Taighde an Choláiste Ollscoile, BÁC agus tá an Chomhairle ag tnúth le tuarascálacha ón staidéar amach anseo ionas gur féidir linn leanúint de bheith ag foghlaim, ar bhonn mionsonrach, faoi thaithí bheo na bpáistí ar an mbunscoil agus an fhoghlaim thábhachtach seo a úsáid mar chabhair chun an curaclam bunscoile athfhorbartha a mhúnlú.

Na meáin shóisialta:

@cslstudyUCD

@ncca.ie

@schoolofEdUCD

#JuniorInfantsCSL

#primarydevelopments

<CRÍOCH>

Nótaí d'Eagarthóirí

Gheobhaidh tú tuilleadh faisnéise ar an *Staidéar Saol Scoile Páistí (CSL)* ach cuairt a thabhairt ar www.cslstudy.ie

Is féidir gach tuarascáil a foilsíodh go dtí seo a fháil ar an suíomh gréasáin seo.

Foilsíodh tuarascálacha 1 agus 2 i Nollaig 2020:

- *Children's School Lives – An Introduction, Report No. 1*
- *Experiences of Remote Teaching and Learning in Ireland During the COVID-19 Pandemic (March – May 2020).*

Foilsíodh Tuairisc 3 *Saol Scoile Páistí sna Naíonáin Shóisearacha*, i mí na Nollag 2021.

Teagmhálacha:

An tOllamh Dympna Devine, An Scoil Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar 086 3713058

nó dympna.devine@ucd.ie

An tOllamh Cúnta Seaneen Sloan, Scoil an Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar +44 7391 257815 nó seaneen.sloan@ucd.ie

An Dr Patrick Sullivan, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, CNCM, ar 087 988 4896 nó patrick.sullivan@ncca.ie

Faisnéis chúlra maidir leis an staidéar:

Seoladh an staidéar *Saol Scoile Páistí (CSL)* an 25 Deireadh Fómhair 2018 agus tá tábhacht mhór leis toisc gurb é an chéad staidéar é atá ionadaíoch go náisiúnta ar thaithí na bunscoile le páistí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí nasctha le chéile ag seomraí ranga agus scoileanna. Is í an Scoil Oideachais, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) a rinne an staidéar thar ceann na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tá na páistí iad féin – a dtaithí féin agus a nguth féin – i gcroílár an staidéir úrnua seo. Is é an chéad staidéar dá chineál in Éirinn é, agus tugann an taighde léargas saibhir agus domhain ar shaol an pháiste ar an mbunscoil sa dara scór bliain den 21ú haois. Bíonn caidrimh ag croí na taithí oideachais ardchaighdeáin i gcéad bhlianta an pháiste agus tá an staidéar ag cabhrú chun léargas a

thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn taithí páistí scoileanna, agus a múnlaíonn na scoileanna an taithí sin, mar phobail, mar institiúidí agus mar chóras.

Leantar dhá chohórt páistí sa staidéar. Thosaigh cohórt amháin an staidéar sa bhliain réamhscoile sula ndeachaigh siad ar scoil agus críochnóidh siad i rang a dó, agus thosaigh an dara cohórt i rang a dó sa bhunscoil agus críochnóidh siad sa chéad bhliain san iar-bhunscoil. Dírítear ar théamaí mar rannpháirtíocht; cultúir scoile agus teagaisc; aistrithe; folláine; comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú; agus torthaí foghlama, agus cuireann *Saol Scoile Páistí* ar ár gcumas cloisteáil ó na páistí féin ar fud an daonra scoile éagsúil sin. Dírítear freisin sa staidéar ar ghuth a gcuid múinteoirí, a gceannairí scoile, a dtuismitheoirí agus, i roinnt cásanna, na seantuismitheoirí de réir mar a fhoghlaimimid faoi thaithí na bpáistí ar bhogadh ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, faoi bheith ag fás agus ag foghlaim ar feadh na n-ocht mbliana sa bhunscoil, agus iad ag aistriú chuig an iar-bhunscoil ansin.

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Ceapann an tAire cúig chomhalta is fiche ar an gComhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana. Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar na comhpháirtithe oideachais, tionscail agus ceardchumainn, ar eagraíochtaí na dtuismitheoirí agus ar leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthú agus Óige ar an gComhairle freisin. Ceapann an tAire Oideachais an Cathaoirleach.

Tacaíonn trí bhord agus roinnt meithleacha forbartha le hobair na Comhairle. Déanann na comhaltaí ar na boird agus meithleacha sin ionadaíocht ar a leithéid chéanna de pháirtithe leasmhara is atá ar an gComhairle.

Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i bhfeighil ar obair na Comhairle ó lá go lá, le tacaíocht ó fhoireann feidhmiúcháin lánaimseartha.